View in browser

18 Samhain 2021

# Scéal, Scéal, Scéal...

- Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige -

Eagrán 74







## SEACHTAIN EOLAÍOCHTA I GCOLÁISTE CHOLMCILLE

Tháinig Michel Dugon 'The Bug Doctor' ar cuairt ag an rang le linn sheachtain na heolaíochta. Oibríonn Michel i roinn na zó-eolaíochta in Ollscoil na hÉireann Gaillimh. Níor tháinig sé leis féin ag an scoil, thug sé leis neart cairde beaga!! Thaispeáin sé tarantúla dúinn ar dtús. Ní raibh an idirbhliain in ann í a thógáil ina gcuid lámha de bharr go raibh sé cantalach ach fuair bliain 1, 2 agus 3 an deis. Sofia an t-ainm a bhí uirthi. Bhí feangais mhóra aici a bhí thart ar cheintiméadar ar fhad agus bhí gruaig i ngach áit uirthi. Tá ocht súil acu ach níl siad in ann feiceáil rómhaith, feiceann siad scáilí. Chonaic muid scairp mhór dhubh chomh maith. Chuir sé ar mo rosta é. Bhraith sé cosúil le plaisteach. Bhí mílechosach aige freisin. Tá na céadta cos ag an mílechosach. Bhí roinnt eile feithidí aige cosúil le nathair nimhe.

Scríofa ag: Amy Jane Cusdin-Nic Dhonnacha, Idirbhliain.







## BRÓISIÚR NUA ÓIGE NA GAELTACHTA

Tá bróisiúr nua foilsithe ag **Óige na Gaeltachta** a thugann cur síos agus léargas ar na tograí agus na himeachtaí a bhíonn idir lámha acu, chomh maith leis na seirbhísí a chuireann siad ar fáil do ghasúir agus do dhéagóirí na Gaeltachta. Is féidir teacht ar an mbróisiúr ar chuntas Facebook na heagraíochta nó is féidir cóip a fháil ach teagmháil a dhéanamh leo ag muintearas@muintearas.com



## FÉILE CHOIS FHARRAIGE AR BUN

Cuireadh tús le Féile Chois Fharraige sa Spidéal nuair a seoladh Taispeántas Ealaíne na Féile in Oifigí Chomhlacht Forbartha an Spidéil. Tá saothar le Deirdre Caulfield, Aoife Dowd, Piaras Ó Droighneáin agus Peadar Ó Cualáin ar taispeáint. Leanfaidh an taispeántas ar aghaidh go dtí an Domhnach seo chugainn. Rinneadh ceiliúradh ar dhá shaothar iontacha litríochta atá foilsithe ag an inphrionta nua Barzaz - *Madame Lazare* le Tadhg Mac Donnagáin agus *Khalil* atá aistrithe ón bhFraincis ag Máirín Nic Con Iomaire - i dTigh Mholly ar an gCéadaoin. Cuireadh tús leis an **gCosán Draíochta** i Stiúideo Cuan chomh maith ar an gCéadaoin agus leanfaidh sé go Domhnach. Cé go bhfuil roinnt imeachtaí ar athló ar mhaithe le sábháilteacht an phobail, tá neart imeachtaí fós ar an gclár, imeachtaí amuigh faoin aer san áireamh. Tá an clár reatha ar fáil ag WWW.COISFHARRAIGE.IE.





## GEARRSCÉALTA AN CLG

Foilsíodh an cnuasach gearrscéalta *Grassroots* i gcomhpháirt leis an gCLG le gairid. Grá don CLG atá ag croílár na scéalta uilig atá curtha le chéile ag iar-eagarthóir spóirt an Irish Times, PJ Cunningham. Tá an dara heagrán á ullmhú faoi láthair agus ba bhreá le PJ go mbeadh tuilleadh scéalta i nGaeilge ann an babhta seo. Tá PJ sa tóir ar chuile chineál scéil idir scéalta grinn, rógaireachta nó eachtraí faoi leith a thiteann amach i dtimpeallacht an Chumainn

Lúthchleas Gael. Cuirfear chuile scéal a fhaightear ar aghaidh chuig Cartlann Pháirc an Chrócaigh, fiú mura n-éiríonn leis áit a fháil sa gcnuasach. Is féidir teagmháil a dhéanamh le PJ ag pj@gaastories.ie agus is féidir do chóip den chéad chnuasach a fháil anseo.

## LITIR CHUIG SANTAÍ



Beidh **Tuismitheoirí na Gaeltachta** ag tabhairt cúnaimh do Dhaidí na Nollag arís i mbliana le cinntiú go bhfaigheann sé na litreacha ar fad ó ghasúir na Gaeltachta. Is féidir do litir chuig Santaí a sheoladh chuig f/ch Tuismitheoirí na Gaeltachta, An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe, H91 Y0R2 Moltar ainm agus seoladh na bpáistí a scríobh ar an litir freisin nó beidh mearbhall ar an bhFear Mór! Iarrtar na litreacha a bheith sa bposta roimh an 6 Nollaig.

## SCÉIM LÉITHEOIREACHTA THUISMITHEOIRÍ NA GAELTACHTA

Tá Scéim Léitheoireachta á reáchtáil ag **Tuismitheoirí na Gaeltachta**. 'Sí aidhm na scéime, atá dírithe ar scoileanna, ná an léitheoireacht a spreagadh ar bhealach spraíúil. Seisiún amháin a bheidh i gceist i mbliana, ar an Déardaoin 9 Nollaig 2021 agus beidh sé dírithe ar na ranganna seo: Naíonáin Bheaga, Naíonáin Mhóra, Rang a hAon agus Rang a Dó. Craoladh beo a bheidh i gceist. Beidh sé idirghníomhach agus cuirfear leabhar ar fáil do gach páiste a bheidh páirteach mar a dhéantar gach aon bhliain. Beidh Tuismitheoirí na Gaeltachta i dteagmháil le scoileanna roimh ré le treoracha agus tuilleadh eolais a roinnt. Idir an dá linn, is féidir níos mó eolais a fháil ach teagmháil a dhéanamh le eolas@tuismitheoiri.ie

## SPÁS AR FÁIL AR CÍOS SA SPIDÉAL

Tá seomra mór, feiliúnach do suas le 30 duine ag Comlacht Forbartha an Spidéil i bhfoirgneamh ar chúl gTeic an Spidéil ar fáil ar cíos le haghaidh imeachtaí, cruinnithe, taispeántais agus oiliúna. Tá ionad tae nó caife mar aon le leithris ar fáil ann freisin. Tá a dhoras féin air agus tá rochtain ann do dhaoine le riachtanais ar leith nó i rothchathaoireacha. Rátaí in aghaidh na huaire nó in aghaidh an lae a ghearrfar. Le tuilleadh eolais a fháil is féidir teagmháil a dhéanamh leis an oifig ag nó

## MAISIÚCHÁIN DON CHRANN NOLLAG

Tá maisiúcháin áille don Chrann Nollag, le teachtaireachtaí agus beannachtaí na Nollag orthu, á ndíol anois ag Caladh Crafts. Déanfaidh siad bronntanais áille do mhuintir Chonamara atá thar lear faoi Nollaig. Tá neart rudaí áille eile á ndíol ag Caladh Crafts freisin. Is féidir níos mó a fheiceáil ar a leathanach Facebook anseo.






## FOLÚNTAS TIGH NIOCLAS Ó CONCHUBHAIR

Tá Nioclas Ó Conchubhair Teo ag cuartú Bainisteoir Troscáin agus Earraí Baile le bheith mar bhall dá bhfoireann ghnóthach. Is post buan é seo agus oibreoidh an t-iarrthóir roghnaithe, 39 uair sa tseachtain ar uainchlár ón Luan go Satharn, agus tá siad solúbtha maidir le huaireanta oibre freisin. Is iad príomhfhreagrachtaí an phoist ná eolas den scoth ar tháirigí a bheith acu, seirbhísí den scoth a chur ar fáil do chustaiméirí, stoc a iompar agus a bhogadh, is fearr go mbeadh taithí ag na hiarrthóirí i bpost den chineál seo cheana. Is féidir níos mó eolais a fháil faoin bpost seo ach teagmháil a dhéanamh le 091-506111

Ba mhaith liom go gcuirfí ar an liosta teagmhála mé.

Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga CTR

Inis Fáil, An Spidéal, Co. na Gaillimhe
H91 X63V

083 010 6294

Muna mian leat cóip den nuachtlitir seo a fháil, seol teachtaireacht chuig optchoisfharraige@gmail.com agus bainfear den liosta poist thú.

Ba mhaith liom m'ainm a bhaint ón liosta